Plean Ceachta na Naíonán 7 – Glac Páirt Ann & Dear Póstaer

Cuspóir:

Chun cuidiú le daltaí tuiscint a fháil ar an gcúis a n-úsáidtear póstaeir agus fógraí, chun machnamh a dhéanamh ar an rud a dhéanann póstaer maith agus chun dearadh póstaeir a chruthú a léiríonn teachtaireacht ar leith.

Fad ama: (thart ar) 30 – 40 nóiméad.

Naisc Churaclaim:

OSPS → Mé féin agus an domhan i gcoitinne → Oideachas na Meán

Foclóir an Lae

Íomhá: Rud, radharc, duine nó teachtaireacht a thaispeáint trí léaráid, pictiúr, grianghraf etc.

Teachtaireacht: Ag baint úsáide as pictiúr nó focail chun rud éigin tábhachtach a roinnt leis an lucht féachana.

An Lucht Féachana: Na daoine a bheidh ag féachaint ar do phóstaer.

Fógraíocht: Cur síos a dhéanamh nó aird a tharraingt ar tháirge, ócáid nó smaoineamh chun é a chur chun cinn.

Díospóireacht Ranga

- Cad iad na póstaeir atá feicthe agaibh? Breacaigí iad seo síos ar an gclár bán nó ar smeach-chairt.
- Cén fáth a gcuimhníonn sibh orthu, dar libh? De ghnáth is iad na cinn a gcuimhnímid orthu na cinn a sheasann amach/ leis an teachtaireacht is fearr.
- Cá bhfeiceann sibh na póstaeir seo de ghnáth?

Gníomhaíocht

1. CRUTHAIGH póstaer

Is iad seo a leanas roinnt de na leideanna is fearr le póstaer a dhearadh – Is féidir iad seo a scríobh nó a thaispeáint ar an gclár bán nó ar an osteilgeoir. Labhair faoi gach ceann díobh leis an rang agus breac síos aon smaointe in aice leo le húsáid níos déanaí sa cheacht.

1. Coimeád simplí é

   Go minic bíonn deifir ar dhaoine agus ní bhíonn ach cúpla soicind acu le haird a thabhairt ar do phóstaer. Ná cuir an iomarca eolais ar do phóstaer.

2. Bain úsáid as dathanna spraiúla

   Cruthaigh póstaer atá go deas agus geal ionas go bhfeicfidh daoine é.

3. Ná roghnaigh ach teachtaireacht amháin

   Má chuireann tú an iomarca teachtaireachtaí éagsúla air éireoidh sé casta.

4. Tarraing léaráidí móra

   Má tharraingíonn tú léaráid atá an-bheag ní fheicfidh aon duine í. Déan deimhin de go bhfuil gach cuid de do léaráid soiléir ionas gur féidir le daoine í a fheiceáil i bhfad uathu.

5. Bain triail as

   Taispeáin do dhearadh do dhuine eile i do rang nó sa bhaile agus iarr orthu siúl thairis ar feadh cúpla soicind. An bhfuil siad in ann é a léamh? An dtuigeann siad é go héasca? Cén teachtaireacht a fhaigheann siad uaidh? Inseoidh sé seo duit cé chomh soiléir is atá do theachtaireacht/pictiúr do dhuine ar bith a bhíonn ag siúl thart.

6. Bí króga!

   Féach siar ar liosta na bpóstaer ar chuimhnigh an rang orthu níos luaithe sa cheacht. Cad iad na cinn ba spreagúla agus na cinn ba mhó a sheas amach? Conas a dhéanfaidh tú do cheann ionas go seasfaidh sé amach freisin?

Déan nóta de smaointe do theachtaireachtaí a d'fhéadfadh an rang a úsáid ina bpóstaeir ar an gclár bán nó ar an smeach-chairt. Is féidir le daltaí póstaeir de chruth agus de mhéid ar bith a chruthú. B'fhéidir gur mian leat teimpléad a chruthú le haghaidh do dhaltaí le húsáid le ceann amháin de na teachtaireachtaí thíos:

- Moltar 3 chuid in aghaidh an lae ón ngrúpa bia 'bainne, iógart agus cáis' do pháistí idir 5 bliana agus 8 mbliana d'aois.
- Samplaí d'aon chuid amháin ná 200ml gloine bainne; pota iógairt 125g; nó píosa 25g (méid bosca cipíní) de cháis chrua e.g. cáis Chéadair.

2. ROINN do theachtaireacht

- A luaithe is a bhíonn roinnt ama ag na daltaí lena bpóstaeir a chruthú, déan machnamh ar na háiteanna éagsúla ina bhfaca an rang na póstaeir mar a bhí pléite níos luaithe sa cheacht.
- Spreagtar na daltaí a dteachtaireacht a roinnt trí fheachtas póstaer chun cuidiú leis an eolas a scaipeadh maidir leis an **tábhacht a bhaineann le haiste chothromaithe bia shláintiúil agus stíl mhaireachtála ghníomhach** i measc a bpiaraí sa scoil.

3. CUIR ISTEACH ar an gcomórtas

- Tá sé éasca cur isteach ar an gcomórtas! Ní gá duit ach an fhoirm iontrála a líonadh isteach agus is féidir leat í a íoslódáil ónár suíomh gréasáin www.moocrew.ie agus í a chur sa phost/ríomhphost chugainn in éineacht le póstaeir do chuid daltaí.
- Is féidir leis na daltaí a bpóstaeir a chur chugainn mar iontrálacha ar leith, mar iontrálacha grúpa nó mar iontrálacha ranga.

  Tabhair faoi deara: Ní mór foirm iontrála a bheith in éineacht le gach póstaer, is cuma más iontráil ar leith, iontráil ghrúpa nó iontráil ranga atá i gceist faoin 7 Aibreán, 2017.

Gníomhaíochtaí Breise

1. Cruthaigh 'Taispeántas Cáiseanna' i do sheomra ranga.
2. Féach ar bhealaí eile ina mbaintear úsáid as na meáin chun teachtaireachtaí a chur in iúl m.sh. fógraí teilifíse, an preas, comharthaíocht eile etc. Cén chaoi eile ina bhféadfaidís a dteachtaireacht a scaipeadh?

Beir Leat Abhaile É

Faigh amach faoi na cineálacha táirgí déiríochta is fearr le do theaghlach.